C/2025/607

24.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.11575 – REPSOL / BUNGE / BISA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/607)

1. An 17 Eanáir 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Repsol Industrial Transformation, S.L.U. ('Repsol', an Spáinn),

— Bunge Global S.A. ('Bunge', na Stáit Aontaithe),

— Bunge Ibérica, S.A. ('BISA'), atá faoi rialú aonair Bunge faoi láthair.

Gheobhaidh Repsol agus Bunge rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar BISA.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta fuinnimh chomhtháite dhomhanda é Repsol atá gníomhach i dtionscal na hola, an gháis agus an leictreachais. Áirítear i ngnó Repsol freisin rannóg maidir le fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear breoslaí in-athnuaite,

— Is cuideachta gnó talmhaíochta agus bia í Bunge atá liostaithe ar Stocmhalartán Nua-Eabhrac. Tá Bunge gníomhach den chuid is mó i ndíol mín olashíolta, olaí agus olaí plandúla eile. Díolann Bunge gráinní, lena n-áirítear arbhar, cruithneacht, eorna agus táirgí meilte, amhail plúr cruithneachta, chomh maith le holashíolta neamhphróiseáilte agus táirgí eile,

— Oibríonn BISA trí mhonarcha brúite olashíl atá lonnaithe sa Spáinn agus tá sé gníomhach go príomha i bpróiseáil agus i dtáirgeadh olashíolta, agus i ndáileadh agus soláthar olaí, saillte agus próitéiní plandabhunaithe. Táirgeann BISA bithdhíosal agus seachtháirgí gaolmhara freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11575 – REPSOL / BUNGE / BISA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').